

# Athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras cumhachta ar son na nglúnta atá le teacht

## Straitéis 2020-25

EirGrid GROUP

## Ár gCuspóir

# Athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras cumhachta ar son na nglúnta atá le teacht

### Is muid Grúpa EirGrid

Oibrímid agus forbraímid an córas leictreachais, an margadh mórdhíola, agus idirnasc lenár gcomharsana. Déanaimid amhlaidh chun freastal ar riachtanas na n-úsáideoirí leictreachais uile, seachas a bheith sa tóir ar ár leasanna tráchtála féin.

Is eintiteas neamhspleách muid, gan aon leas dílsithe againn i dtaca le leictreachas a ghiniúint nó a dhíol. Níl úinéireacht againn ar an mbonneagar eangaí, agus níl aon leas pearsanta againn maidir lena mhéadú.

Déanaimid cinnte go mbíonn fáil ar leictreachas i gcónaí sna háiteanna a mbíonn gá leis ag na huaireanta a mbíonn gá leis, gach soicind de gach lá, agus ar feadh na gcéadta bliain amach romhainn. Déanaimid seo sa bhealach is éifeachtúla ó thaobh costas de agus is féidir, ar mhaithe leis na húsáideoirí leictreachais uile.

Tá ár straitéis le haghaidh 2020 go 2025 forbartha againn anois, ar a dtugtar achoimre sa bhfoilseachán seo. Bhí rannpháirtíocht shuntasach le príomhpháirtithe leasmhara mar bhonn eolais don straitéis seo. Áiríodh leis seo custaiméirí, chomh maith le comhaltaí boird, lucht bainistíochta agus baill foirne ó gach cuid de Ghrúpa EirGrid.

Léirítear aidhmeanna na straitéise nua seo i ráiteas cuspóra nua, a thaispeántar ar an leathanach malairte.







# Múnlaítear ár straitéis nua le dhá ghné: athrú aeráide agus an t-athrú ó bhonn ar an earnáil leictreachais atá le teacht.

Tuigtear comhthéacs an athraithe aeráide go maith, agus thar amhras eolaíochta. Is í an t-aon cheist atá ann anois ná cé chomh tapa agus is féidir leis an tsochaí freagairt a thabhairt chun teorainn a chur leis an dochar, agus cosaint a thabhairt sa chaoi sin dár bpláinéad don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht. Is í an fhreagairt – ag leibhéal an rialtais, leibhéal an Aontais Eorpaigh agus leibhéal domhanda – ná pleanáil don aistriú go todhchaí inbhuanaitheach, ísealcharbóin.

Léirítear é seo i gconarthaí idirnáisiúnta amhail Comhaontú Pháras 2016 agus Creat Aeráide agus Fuinnimh an Aontais Eorpaigh go 2030. Tá sí le feiceáil freisin i bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2019 de chuid Rialtas na hÉireann, agus i bplean de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe glanastaíochta nialasacha carbóin a bhaint amach faoi 2050. Beidh iarmhairtí fairsinge ag an aistriú go fuinneamh ísealcharbóin agus in-athnuaite. Beidh ann d'athruithe suntasacha sa chaoi ina ngintear, ina gceannaítear agus ina ndíoltar leictreachas.

Beidh ann d'athruithe suntasacha sa chaoi ina mbaintear úsáid as leictreachas freisin, amhail le haghaidh iompair agus teas. Iompróidh an córas leictreachais níos mó cumhachta ná riamh cheana agus tiocfaidh formhór na cumhachta sin ó fhoinsí in-athnuaite. Cuirfear deireadh le giniúint bunaithe ar ghual, ar mhóin agus ar ola de réir a chéile sna deich mbliana amach romhainn.



Agus de réir mar a tharlaíonn sé seo, cuirfear úsáideoirí leictreachais ar a gcumas le teicneolaíocht nua, cumhacht a ghiniúint agus a stóráil, chomh maith le haon fhuílleach a chuir ar ais go dtí an eangach.

Nuair a chuirtear é seo le heolas fíor-ama maidir le hídiú ag úsáideoirí leictreachais, cruthaítear deiseanna do chách. Beidh athrú ó bhonn ar an gcóras leictreachais de dhíth chun na deiseanna seo a fhíorú. Níos tábhachtaí arís, ní mór go mbainisteofar agus go gcomhordófar na hathruithe seo i mbealach atá éifeachtúil ó thaobh costas de.

Beidh ról ar leith ag Grúpa EirGrid maidir lena bheith ar thús cadhnaíochta an athraithe radacaigh ó bhonn a bhfuil gá leis anois. Tugtar achoimre sa bhfoilseachán seo, ar ár bhfreagairt straitéiseach do na dúshláin seo. Tá ár straitéis comhdhéanta de shraith phríomhspriocanna, a bhfuil ár gcuspóir mar bhonn taca fúthu.

Más mian leat léamh faoinár straitéis ar líne, tabhair cuairt ar **eirgridgroup.com/strategy2025** le do thoil

## Tá Grúpa EirGrid freagrach as soláthar leictreachais sábháilte, slán agus iontaofa ar oileán na hÉireann – anois agus san am atá romhainn.

Déanaimid an t-eangach tarchurtha agus an margadh leictreachais a bhainistiú agus a oibriú ar bhonn uile-oileáin. Déantar cumhacht a iompar leis an eangach ón áit ina ngintear í go dtí an áit ina bhfuil gá léi – i ngach cearn de chuid na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Déanaimid cothromaíocht a aimsiú idir soláthar agus éileamh gach soicind sa lá, agus riachtanais leictreachais fadtéarmach an oileáin á bpleanáil againn i rith an ama.

In Éirinn, soláthraímid an tseirbhís seo mar EirGrid. I dTuaisceart Éireann, aithnítear muid mar SONI – Oibritheoir an Chórais do Thuaisceart Éireann.

Áirítear SEMO lenár seirbhísí, Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair. Feidhmítear an margadh mórdhíola le haghaidh cumhachta seo, 24 uair a chloig in aghaidh an lae, seacht lá na seachtaine. Áirithítear leis seo go mbíonn cumhacht iontaofa ag praghas iomaíoch ag úsáideoirí leictreachais ar fud oileán na hÉireann i gcónaí.

Déanann Grúpa EirGrid idirnaisc le heangacha in aice láimhe a fhorbairt agus a oibriú, amhail an tIdirnascaire Thoir Thiar. Éascaímid idirnaisc arna fhorbairt agus arna fheidhmiú ag tríú páirtithe. Áirítear leis seo idirnascaire na Maoile agus an tionscadal Greenlink atá beartaithe. I measc na n-idirnascairí eile atá beartaithe tá na hIdirnascairí Thuaidh Theas agus Ceilteach. Tugtar cumhacht do thionscal agus do ghnólachtaí a bhaineann úsáid as méideanna móra leictreachais leis an eangach tarchurtha. Soláthraítear cumhacht don ghréasán dáileacháin leis an eangach freisin. Leis seo, soláthraítear an leictreachas a mbaintear úsáid as gach lá i dtithe, gnólachtaí, scoileanna, ospidéil, agus feirmeacha.

Cuirimid polasaí rialtais i bhfeidhm in Éirinn, agus i dTuaisceart Éireann. Gníomhaímid go neamhspleách agus ar leas an phobail. Rialaítear muid mar sholáthróirí seirbhíse monaplachta. Cuirimid ár seirbhísí i gcrích ar leas gach úsáideoir leictreachais ar oileán na hÉireann, agus chun tacú leis an ngeilleagar sa dá dhlínse.









## Ár bpríomhsprioc

# Athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras cumhachta ar son na nglúnta atá le teacht

Beidh ról ríthábhachtach ag leictreachas ó fhoinsí inathnuaite sa bhfreagairt domhanda do ghéarchéim na haeráide. Tá téamh agus iompair á n-athrú ó bhreoslaí bunaithe ar charbón go leictreachas, rud a mhéadóidh an t-éileamh ar chumhacht.

Táthar ag súil le go mbeidh tuilleadh cumhachta á hiompar ag an gcóras leictreachais, agus go nginfear an tromlach de ó fhoinsí inathnuaite. Ach ní féidir lena leithéid d'athrú, rud nach bhfeictear ach uair amháin in aon ghlúin amháin, tarlú mura ndéanfar an córas cumhachta a chlaochlú. Ní mór é a chur in oiriúint le feidhmiú go hiontaofa, fiú agus beagnach 100% fuinneamh inathnuaite aige.

Ar dtús, bunaíodh an córas ar a bhfuil muid ag brath le haghaidh soláthar cumhachta iontaofa agus slán ar mhodhanna giniúna leictreachais traidisiúnta. Bhí na modhanna seo ag brath ar bhreoslaí iontaise a dhó, agus tá úsáid rathúil á baint astu le breis is 100 bliain anuas.

Anois, déanfaimid an córas leictreachais a ullmhú le haghaidh todhchaí a bheidh beagnach go hiomlán bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite.

Tá beart rialacha ar leith ag Grúpa EirGrid ar fud oileán na hÉireann. Oibrímid agus forbraímid an córas leictreachais, an margadh mórdhíola, agus idirnasc lenár gcomharsana.

Leis seo, tugtar dúinn an saineolas domhain a bhfuil gá leis chun córas cumhachta ísealcharbóin, atá éifeachtúil ó thaobh costas de, a sholáthar. Is é sin an fáth go bhfuil gealltanas á dhéanamh againn maidir le fíor fhreagracht a ghlacadh le haghaidh roinnt gnéithe den aistriú fuinnimh seo. Cuirfimid ár saineolas ar fáil ar mhaithe le fíor cheannaireacht a sholáthar don athrú bunúsach seo.

Beidh Grúpa EirGrid mar eiseamláir i dtreo thodhchaí deiridh don leictreachas a bheidh inbhuanaithe agus saor ó charbón.

Beidh gá le hathruithe suntasacha chun an sprioc seo a bhaint amach. Leagadh spriocanna uaillmhianacha amach cheana féin i bpolasaí rialtais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe a mbeidh tionchar acu ar an gcaoi ina ngintear leictreachas. In Éirinn, cuirtear in iúl i bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 go nginfear 70% de leictreachas ó fhoinsí inathnuaite faoi 2030. Sa Ríocht Aontaithe, tá an rialtas ag dul sa tóir ar ghlanastaíochtaí nialasacha carbóin faoi 2050.

Beidh orainn talamh úr a bhriseadh i dtaca leis an méid leictreachais inathnuaite a mbainistímid ar an gcóras leictreachais ar mhaithe leis an dá sprioc seo. I dtéarmaí réadacha, beidh orainn 10,000 meigeavatanna de ghiniúint bhreise a cheangail leis an gcóras leictreachais.

Is ann do roinnt dúshlán teicniúla agus fuinneamh inathnuaite á chomhtháthú i gcóras leictreachais. Is é an sprioc ná a chinntiú go bhfuil an córas leictreachais seasmhach agus go bhfuil an soláthar slán.


Faoi láthair, is féidir linn an t-eangach a oibriú le suas le 65% de chumhacht inathnuaite, lena n-áirítear gaoth ar talamh agus gréine. Is éacht innealtóireachta ceannródaíoch é seo. Faoi 2030, ní mór é seo a mhéadú go 95%.

Beidh orainn ansin an córas a oibriú i mbealach níos dinimiciúla agus níos freagrúla. Dá bharr seo, beidh feabhsúcháin ar an mbonneagar ag teastáil leis an eangach a neartú, agus lena dhéanamh níos solúbtha.

Tabharfaimid faoi seo a bhaint amach trí úsáid a bhaint as réitigh nuálacha chomh maith le teicneolaíochtaí cruthaithe. Beidh sé mar sprioc againn an méadú i bhfuinnimh inathnuaite atá ag teastáil a bhaint amach agus an méid bonneagair nua atá á chur leis á laghdú ag an am céanna. Agus mar is iondúil, rachaimid sa tóir ar na hathruithe seo gan dul i bhfeidhm ar iontaofacht an chórais leictreachais.

Tá idirnasc córais - amhail na hIdirnascairí nua Thuaidh Theas, Ceilteach agus Greenlink atá beartaithe - ag croílár na sprice seo.





Cuirtear le láidreacht agus le héifeachtúlacht an chórais le hidirnasc trí cheangail a dhéanamh le heangaí in aice láimhe. Éireoidh an láidreacht sa bhreis seo níos tábhachtaí de réir mar a mhéadaíonn cineálacha giniúna inathnuaite.

Beidh sé mar an gcéad chéim i dtreo an aistrithe fuinnimh seo a chur in iúl cad é a bheidh i ndán do phríomhpháirtithe leasmhara mar gheall air seo, le gur féidir linn a dtacaíocht a fháil. Ní féidir linn a dtacaíocht a fháil ach trí fhíorthuiscint, agus creidimid go bhfuil sé d'oibleagáid orainn an tuiscint seo a chruthú.

Táimid tiomanta le bheith feiceálach mar a bhaineann sé le bheith ar thús cadhnaíochta an aistrithe i dtreo chóras leictreachais ata saor ó charbón. Déanfaimid infheistíocht i gcumarsáid chun na dúshláin, na hathruithe agus na buntáistí a bhaineann leis an aistriú seo a mhíniú.

Tá ceannaireacht feiceálach agus iontaofa ríthábhachtach. Tá seo amhlaidh toisc nach féidir linn an sprioc seo a bhaint amach gan tacaíocht pobail, polaitíochta agus rialála.

Tá fíorshaineolas aitheanta againn cheana féin maidir lena bheith ag freastal ar fhuinneamh inathnuaite ar an eangach. Oibreoimid chun leanúint linn lenár gcuid oibre mar fhoinse iontaofa le haghaidh eolas agus comhairle dóibh siúd a shocraíonn an clár oibre i dtaca le fuinneamh. Tógfaimid ar ár saineolas, ag an leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus bainfimid leas as chun tionchar a bheith againn ar pholasaí agus ar thacaíocht dár gcuid oibre.

Leis an sprioc straitéise nua seo, ligfear dúinn ionchur inbhraite a bhfuil tionchar aige a bheith againn i dtaca le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Go háirithe, tacóidh ár gcuid oibre i dtreo chóras leictreachais ghlan leis na nithe seo a leanas:

1. Fuinneamh inacmhainne agus glan
2. Tionscal, nuálaíocht agus bonneagar
3. Cathracha agus pobail inbhuanaithe
4. Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid





# Déantar an margadh agus an t-eangach uile-oileáin a Oibriú, a fhorbairt agus a fheabhsú lenár spriocanna tacaíochta.

An príomhról atá againn ná córas cumhachta uile-oileáin agus an margadh leictreachais mordhíola a oibriú, a fhorbairt agus a fheabhsú. Leis seo, áirithítear gur féidir le gach duine a bhaineann úsáid as leictreachas a bheith muiníneach go mbeidh sé ar fáil, go mbeidh sé iontaofa agus go mbeidh sé ag praghas iomaíoch.

Níos mó ná riamh, táimid ag brath ar leictreachas i mbeagnach gach gné dár saolta oibre, sóisialta agus teaghlaigh. Lonnaítear custaiméirí mórscála, amhail lárionaid sonraí, anseo mar gheall ar an gcáil atá orainn i dtaobh iontaofachta. Agus toisc go gcumhachtaítear an líonra soláthair leis an eangach, braitheann gach teach, feirm agus gnólacht beag orainn le feidhmiú.

Ar fud an domhain, tá réabhlóid ar bun i dtreo bhealaí glana, inathnuaite chun leictreachas a ghiniúint. Tá sé de chumas ag luas agus scála an athraithe seo dúshlán a thabhairt ag ár ngealltanas i dtaca le hiontaofacht. Is é sin an fáth go gcuimsítear athrá ar an ngealltanas seo inár straitéis nua. Bainfidh dúshlán leis an aistriú fuinnimh, ach fós féin, soláthróimid soláthar leictreachais atá leanúnach, iontaofa agus iomaíoch. Leis an ngealltanas seo a chomhlíonadh, coinneoimid an t-eangach láidir, solúbtha agus níos cumasaí i dtaobh na teicneolaíochta de, de réir a chéile. Déanfaimid cinnte freisin go mbeidh an margadh mórdhíola éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá an Margadh Leictreachais Aonair uile-oileáin ríthábhachtach chuige seo. In 2018, chuireamar próiseas i gcrích lenár margadh a chomhtháthú níos dlúithe le margaí na hEorpa. Leis seo, cruthaíodh margadh níos liobrálaithe arbh fhéidir trádáil i bhfíor-ama. Dá bharr seo, tugtar tuilleadh iomaíochta isteach – chomh maith le brú anuas ar phraghsanna.

Cruthaítear baol éiginnteachta inár n-oibriúcháin uile leis an mBreatimeacht. D'fhéadfaí go mbainfí tionchar diúltach leis sa chaoi ina n-oibrímid ar fud oileán na hÉireann. Tá pleananna i bhfeidhm againn, áfach, don chúig bliana amach romhainn ar an mbonn nach mbeidh tionchar ábhartha ag an mBreatimeacht ar ár gcuid oibre. Is léiriú é seo ar ghealltanais ó Rialtais na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, chomh maith leis an Aontas Eorpach. Tá a ndúthracht curtha in iúl ag gach ceann acu maidir leis an Margadh Leictreachais Aonair uile-oileáin a chaomhnú.

Sa chúig bliana amach romhainn, leanfaimid linn ag díriú ár n-iarrachtaí ar an oibriúchán is fearr agus is féidir i dtaca leis an Margadh Leictreachais Aonair. Déanfaimid cinnte go mbeidh an margadh réidh chun glacadh le méid leictreachais inathnuaite atá ag méadú de réir a chéile. Oibreoimid freisin leis an méadú measta i dtaca le héileamh ar fud oileán na hÉireann a chomhlíonadh.

Bainfimid seo amach trí chothromaíocht, trédhearcacht agus oscailteacht a áirithiú sa mhargadh leictreachais. Ceadaítear tuilleadh iomaíochta leis seo. Chomh maith leis seo, ligtear do mhéadú tapa i nginiúint inathnuaite le margadh feabhsaithe.

Táimid ag tuar go dtiocfaidh méadú de 23% ar an éileamh ar leictreachas in Éirinn faoi 2025, agus méadú measartha aondigite i dTuaisceart Éireann. Ullmhóimid freisin le haghaidh méadú i rannpháirtíocht ó thaobh an éilimh de, de réir mar a chuireann tuilleadh úsáideoirí leictreachais tús le cumhacht a ghiniúint agus a stóráil.

Mar chuid den sprioc seo, cuirfimid pleananna i bhfeidhm le haghaidh córas ar féidir leis teacht i dtír ar idirnascairí amach anseo ó Ghrúpa EirGrid, agus ó thríú páirtithe. Beidh siad ríthábhachtach i dtaca le méideanna giniúna inathnuaite níos mó a mbainistiú. Cuirfidh siad freisin le slándáil fuinnimh ar fud an oileáin.

Leanfaimid linn freisin lenár gcuid oibre i dtaca lena áirithiú go mbeidh an bonneagar eangaí ullmhaithe don am amach romhainn. Ag leibhéal bunúsach, ciallaíonn sé seo go n-áirítear gur féidir leis an gcóras leictreachais glacadh le tuilleadh giniúna inathnuaite. Ní mór a chinntiú freisin gur féidir leis freastal ar mhéaduithe ar éileamh leictreachais.

Déanfaimid seo trí bharr feabhais a chur ar acmhainní atá ann cheana, agus trí bhonneagar nua a fhorbairt. Nuair is féidir, bainfimid úsáid as teicneolaíochtaí nuálacha ach cruthaithe fós féin leis an ngá i dtaca le bonneagar nua a laghdú.

Déanfar é seo uile mar fhreagairt ar pholasaithe an rialtais. In Éirinn, leagtar na polasaithe seo amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, agus sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019.

I dTuaisceart Éireann, beidh polasaithe athraithe aeráide na Ríochta Aontaithe mar threoir againn, a bhí ar thús cadhnaíochta dhea-chleachtas domhanda ó riamh anall. Tá Creat Fuinnimh Straitéiseach le haghaidh Thuaisceart Éireann á fhorbairt ag Roinn an Gheilleagair. Leanfaimid linn ag obair ar bhealach tairbheach i gcuideachta phríomhpháirtithe leasmhara i dtaca le tacaíocht a thabhairt don phróiseas seo.

Beidh comhairliúchán cuimsitheach bunaithe ar dhea-chleachtas ag teastáil le haghaidh aon fhorbairtí bonneagair nua. In easnamh seo, ní bhfaighimid an glacadh atá ag teastáil ó phobail áitiúla agus úinéirí talún.

Caithfimid leathnú sa bhreis a chur lenár rannpháirtíocht má táimid chun aistriú rathúil go córas leictreachais ghlan a chur i gcrích. Foghlaimeoidh tú tuilleadh faoin sprioc seo níos moille sa straitéis seo.








## Ár spriocanna tacaíochta -

# Oibrigh le comhpháirtithe le haghaidh athrú dearfach

Lenár spriocanna a bhaint amach, d'aithníomar i gcónaí an gá le comhpháirtíochtaí rathúla. Agus athrú ó bhonn anois ag teacht ar ár n-uaillmhian straitéiseach le freagairt do ghéarchéim na haeráide, tá na caidrimh seo ag teastáil uainn níos mó ná riamh.

Oibrímid gach lá leo siúd a bhfuil úinéireacht acu ar shócmhainní a bhaineann le haistriú eangaí. Déanann Líonraí BSL agus Líonraí NIE na córais dáileacháin leictreachais a n-oibriú in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann freisin.

Aithnímid an gá atá ann le clár comhpháirtíochta suntasach leis na comhpháirtithe seo. Beidh sé seo ríthábhachtach chun dul i ngleic leis na hathruithe a bheidh mar thoradh ar an aistriú go feithiclí leictreacha agus téamh leictreach sa teach.

Tá freagracht orainn i leith na gcustaiméirí a bhraitheann orainn le haghaidh soláthar leictreachais leanúnach agus iontaofa. Bíonn rialtas agus rialtóirí dár dtreoir, agus oibrímid i gcomhpháirt leo ar mhaithe le polasaí rialtais a fhíorú.

Aithnímid an ról lárnach a bheidh ag teicneolaíocht san athrú ó bhonn seo ar an gcóras fuinnimh. Táimid ag súil le comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua a fhorbairt le gníomhaithe domhanda chun cabhrú leis an athrú seo.



Lorgóimid comhpháirtithe ar féidir leo cabhrú linn maidir leis na réitigh is fearr agus is éifeachtúla ó thaobh costas de ar an gcóras cumhachta a sholáthar.

Aithnímid an ról lárnach a bheidh ag polasaí rialtais agus rialála maidir leis an aistriú fuinnimh a éascú.

Cuirfimid ár n-acmhainní agus ár saineolas ar fáil chun sonraí agus anailís a sholáthar chun cabhrú le polasaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann agus le bheith mar bhonn eolais de.

Agus ar deireadh, éilítear comhpháirtíocht le húinéirí talún agus le pobail chun bonneagar eangaí nua a fhorbairt.

Mar achoimre, déanfaimid infheistíocht ó thaobh iarrachta de agus fócas nua againn i dtaca leis an gcuid is fearr a bhaint as comhpháirtíochtaí atá ann cheana agus comhpháirtíochtaí nua. Déanfaimid seo chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, agus chun cabhrú lenár gcomhpháirtithe amhlaidh a dhéanamh.

Le chéile, soláthróimid an t-athrú is suntasaí don chóras leictreachais ó aimsir leictrithe na tuaithe. Bainfimid seo amach trí chomhchuspóir, comhspriocanna agus comhdhearcadh a bheith againn maidir leis an gcuma a bheidh ar rath dúinn uile.







## Ár spriocanna tacaíochta

# Rannpháirtíocht le haghaidh torthaí do chách

Braitheann an córas leictreachais ar líontán mionsonraithe bhonneagar eangaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Tá dul chun cinn sa teicneolaíocht ag éirí níos fóintí dúinn maidir le bealaí a aimsiú lena mbaineann níos lú ionsáite chun méideanna mór cumhachta a iompar. Ach braitheann na heangaí leictreachais uile, sna tíortha uile, ar chnámh droma an bhonneagair mhórscála. Ciallaíonn sé seo go mbíonn muid fós ag brath ar phiolóin, ar fhostáisiúin agus ar shreanga lasnairde.

Ní raibh sé furasta ariamh iarraidh ar úinéirí talún agus ar phobail áitiúla glacadh le bonneagar nua. Ní bhímid ar nós cuma liom maidir leis na cinntí seo, nó ní ghlacaimid iad gan iniúchadh a dhéanamh ar na réitigh mhalartacha uile i dtús báire. Ach san áit ina bhfuil bonneagar nua ríthábhachtach, ní mór dúinn an lucht spéise a chur ar an eolas agus a mhealladh.

Anois, déanfaimid an córas leictreachais a ullmhú le haghaidh todhchaí a bheidh beagnach go hiomlán bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite.

Tá beart rialacha ar leith ag Grúpa EirGrid ar fud oileán na hÉireann. Oibrímid agus forbraímid an córas leictreachais, an margadh mórdhíola, agus idirnasc lenár gcomharsana.

Leis seo, tugtar dúinn an saineolas domhain a bhfuil gá leis chun córas cumhachta ísealcharbóin, atá éifeachtúil ó thaobh costas de, a sholáthar. Is é sin an fáth go bhfuil gealltanas á dhéanamh againn maidir le fíor fhreagracht a ghlacadh le haghaidh roinnt gnéithe den aistriú fuinnimh seo. Cuirfimid ár saineolas ar fáil ar mhaithe le fíor cheannaireacht a sholáthar don athrú bunúsach seo.

Beidh Grúpa EirGrid mar eiseamláir i dtreo thodhchaí deiridh don leictreachas a bheidh inbhuanaithe agus saor ó charbón.



D'fhéadfadh sé a bheith ina dhúshlán an cás a dhéanamh le haghaidh buntáistí fadtéarmacha an bhonneagar eangaí nua a chur os comhair úinéirí talún lena mbaineann nó a gcomharsana.

Lenár gcuspóir nua – idirghabháil a dhéanamh chun géarchéim na haeráide a réiteach - cuirtear bunús práinneach ar fáil. Mar chéad chéim inár n-iarrachtaí leanúnacha i dtaca le rannpháirtíocht, cuirfimid an sprioc seo in iúl i mbealach an-láidir. Leanfaimid linn freisin ag lorg bealaí nuálacha nua chun dul i mbun rannpháirtíochta. Is í ár n-aidhm caighdeáin den chéad scoth a bhaint amach, agus torthaí níos fearr a sholáthar dá bharr.

Is í ár sprioc ár gcomhairliúchán a dhaingniú agus a leathnú, agus chun freagairt d'imní agus do bhuairimh i mbealaí fiúntacha agus mealltacha.

Leanfaimid linn freisin ár gcuid ama agus acmhainní a infheistiú i gcur chuige straitéiseach agus trédhearcach i dtaca le rannpháirtíocht rialála. Is príomhpháirtithe leasmhara iad ár rialtóirí - in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann - i dtaca lenár bhfócas nua ar inbhuanaitheacht a éascú.


Leis seo a bhaint amach, déanfaimid ár rannpháirtíocht reatha a athailíniú lenár straitéis nua. Déanfaimid seo i mbealach oscailte agus trédhearcach. Is í ár n-aidhm dul i mbun comhoibrithe le rialtóirí chun teacht ar chomhaontú ar an mbealach is fearr leis an aistriú fuinnimh a bhainistiú mar fhreagairt do dhúshlán an athraithe aeráide.





# EirGrid GROUP

# Straitéis 2020-2025



**Déantar achoimre leis seo ar ár straitéis don chúig bliana amach romhainn. Léirítear leis an gcomhthéacs seachtrach atá romhainn, chomh maith leis an gcur chuige straitéiseach a thabharfaimid faoi mar fhreagairt.**

**70%**
De sprioc na hÉireann i dtaca le leictreachas ó fhoinsí inathnuaite faoi 2030

**95%**
De leictreachas inathnuaite ar an gcóras ag aon am ar leith faoi 2030

**Sprioc nialasach**
Na Ríochta Aontaithe le haghaidh astaíochtaí carbóin faoi 2050

**Méid féideartha 10,000MW**
De ghiniúint inathnuaite nua a mbeidh gá lena cheangail leis

## Ár gCuspóir

Athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras cumhachta ar son na nglúnta atá le teachtÁr bpríomhsprioc

## Ár bpríomhsprioc

Bheith chun tosaigh in earnáil leictreachais an oileáin i ndáil leis an inbhuanaitheacht agus dícharbónú

## Ár spriocanna tacaíochta

Eangach agus margadh uile-oileáin a oibriú, a fhorbairt agus a fheabhsú

Obair a dhéanamh le páirtithe ar son athrú dearfach

Rannpháirtíocht a dhéanamh chun torthaí níos fearr do chách a bhaint amach



## Ag obair ar son úsáideoirí leictreachais i dTuaisceart Éireann

Oibríonn Grúpa EirGrid ar fud an oileáin. Leis seo, ligtear dúinn geilleagair de scála a bhaint amach agus slándáil soláthair níos fearr a chur ar fáil i gcomparáid le dhá chóras ar leith. I dTuaisceart Éireann, tugtar SONI ar ár n-oibriúchán - Oibritheoir an Chórais le haghaidh Tuaisceart Éireann.

Déanaimid an t-eangach a phleanáil agus a oibriú ar leas na n-úsáideoirí leictreachais ar a fhreastalaímid anseo. Cuirimid polasaí i bhfeidhm ar leag an rialtas síos é trí Roinn an Gheilleagair, atá freagrach as polasaí fuinnimh. Rialaítear muid leis an Rialtóir Fóntais le haghaidh Thuaisceart Éireann.

Tá ár saineolas agus ár sonraí á dtabhairt chun tosaigh againn anois de réir mar a oibríonn an lucht ceaptha beartas chun polasaí fuinnimh nua a fhorbairt le haghaidh 2030 agus níos faide anonn.

Is ann do roinnt cheanglas i dTuaisceart Éireann atá mar bhonn eolais dár straitéis nua.

Ní mór a chinntiú gur féidir le SONI riachtanais na n-úsáideoirí leictreachais amach anseo a chomhlíonadh. Caithfimid cabhrú le Tuaisceart Éireann ionchur a bheith aici i dtaca le spriocanna astaíochtaí na Ríochta Aontaithe - trí rannpháirtíocht agus comhoibriú le páirtithe leasmhara. Ní mór dár gcuid oibre anseo freagairt do na gnéithe ar leith a mbíonn tionchar acu ar an gcóras leictreachais sa réigiún seo.

Ach tá na riachtanais bhunúsacha dóibh siúd a bhaineann úsáid as leictreachas uilíoch. Bíonn na húsáideoirí leictreachais ar fud an oileáin ag súil le soláthar cumhachta atá seasmhach agus ar phraghas iomaíoch.

Chomh maith céanna, tá rialtais agus rialtóirí sa dá dhlínse anois ag tabhairt aghaidh ar athrú aeráide. Tá freagairtí uaillmhianacha agus éifeachtacha ó thaobh costas de á lorg acu ó oibritheoirí na gcóras leictreachais. Mar a cuireadh in iúl roimhe, éilítear leis seo tiomantas do nuálaíocht gan cur isteach ar sheasmhacht.

Tá sprioc glanastaíochtaí nialasacha carbóin leagtha síos ag Rialtas na Ríochta Aontaithe faoi 2050, rud atá ag teacht le dea-chleachtas domhanda. Cé nach bhfuil sprioc leagtha síos ag Tuaisceart Éireann fós, tá an t-aistriú go fuinneamh glan a ghiniúint faoi lán seoil.

Tá dea-theist chruthaithe againn i dtaca lena bheith i mbun nuálaíochta chun freagairt do riachtanais Thuaisceart Éireann. Ceadaíodh le suas le 65% d'fhuinneamh inathnuaite ar eangach Thuaisceart Éireann lenár dtionscnaimh.

Anois, bainfimid úsáid as ár saineolas chun ligean le Tuaisceart Éireann méadú ar an bhfigiúr seo go hos cionn 95% faoi 2030. Idir an dá linn, leantar lenár gcuid oibre ag déanamh cinnte gur féidir leis an eangach tacú le geilleagar Thuaisceart Éireann. Tá príomhthionscadail amhail an tIdirnascaire Thuaidh Theas lárnach sa chur chuige seo.

Táimid tiomanta do bheart a dhéanamh de réir briathair ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnólachtaí i dTuaisceart Éireann. Táimid tiomanta do mhaoirseacht a thimpeallachta agus do thacaíocht a thabhairt dá bhithéagsúlacht. Táimid tiomanta le bheith ar thús cadhnaíochta dhícharbónú Thuaisceart Éireann ar mhaithe le cách a bhfuil cónaí orthu anseo.

## Ár ngealltanas cumais

# Luach a thabhairt dár ndaoine agus iad a chur ar a gcumas ár n-uaillmhian a sholáthar

Cé gur oibriúchán an-teicniúil é an córas leictreachais, is iad ár ndaoine atá mar ghaoth i seolta ár gcuid oibre. Is iad na daoine a n-oibríonn ag Grúpa EirGrid in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann atá mar bhunchloch dár straitéis nua.

Tá lucht saothair againn atá ag dul in éagsúlachta i rith an ama agus a bhfuil riar scileanna an-éagsúil acu. Baineann siad le réimse disciplíní amhail innealtóireacht, teicneolaíocht agus gnó.

Déanfaimid cinnte go mbeidh ár ndaoine tógtha lena gcuid oibre. Is mian linn go dtuigfidís an ról ríthábhachtach atá acu i dtaca lenár straitéis a sholáthar, agus i dtaca le tacaíocht a thabhairt don aistriú go todhchaí ísealcharbóin. Agus muid ag obair i dtreo ár straitéis nua, beidh orainn cumais nua a fhorbairt agus riar scileanna nua a aimsiú.

Déanfaimid na scileanna dár bhaill foirne reatha a fhorbairt agus lorgóimid tallann úr. Áirítear leis seo margaí na gcéimithe agus na n-iontrálaithe nua.

Tá réaltacht na n-athraithe don saol oibre mar bhonn eolais dár straitéis. Bainfidh ár ndaoine leas as dul chun cinn i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

Ag an am céanna, is mian linn go mbainfidh ár ndaoine sult as a gcuid oibre. Is mian linn go ndéanfaidís a ndícheall, agus go n-aimseodh siad cothromaíocht idir a saolta pearsanta agus a saolta oibre ag an am céanna.

Téimid sa tóir ar na cuspóirí seo ar mhaithe lenár ndaoine mar is é an rud ceart le déanamh é. Beidh sé ina chabhair linn freisin na daoine atá uainn a mhealladh agus a choinneáil, leis na cumais agus an chruinneshamhail lena gcabhraítear linn ár straitéis a sholáthar



# Ár straitéis Ghrúpa nua á baint amach

Lenár straitéis a sholáthar go 2025, beidh orainn feabhas a chur ar na rudaí a dhéanaimid, agus ar an gcaoi ina ndéanaimid iad – i ngach gné dár n-oibriúchán.

Beidh baineadh amach na spriocanna ar thugamar achoimre orthu sa doiciméad seo mar chruthúnas follasach ár straitéise nua. Ach ní féidir leo tarlú mura dtugaimid faoi thorthaí níos fearr a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid. Bainfimid seo amach trí ghlacadh le hathruithe, agus trí dhul sa tóir ar nuálaíocht i ngach gné dár gcuid oibre. Trí amhlaidh a dhéanamh, ní dhéanfaimid dearmad go deo ar na bearta bunúsacha atá mar thagarmharc ratha inár n-oibriúcháin.

Is iad seo a leanas na téamaí ar fud an Ghrúpa a rachaimid sa tóir orthu lenár straitéis a fhíorú. Léirítear leo ár dtiomantas le dul sa tóir ar athruithe gan fasach agus na caighdeáin is airde á gcaomhnú againn i rith an ama.

- Feidhmiúchán is fearr a sholáthar ar fud an Ghrúpa
- Barr feabhais oibríochtúla a bhaint amach
- Glac le hathruithe agus leis an nuálaíocht ar mhaithe le fíor athrú a dhéanamh
- Leas a bhaint as sonraí agus é a roinnt ar mhaithe le réitigh níos fearr a chumasú
- Úsáid a baint as teicneolaíocht ar mhaithe le hoibriúchán níos fearr
- Spriocanna airgeadais a bhaint amach ar mhaithe lenár straitéis a sholáthar
- An tagarmharc a leagan síos le haghaidh rialachas den scoth





# Beidh ár spriocanna indéanta a bhuí le do thacaíocht

Mar oibritheoirí an chórais leictreachais agus an mhargaidh uile-oileáin tá ról ceannaireachta againn.

Sa ról seo, tá gealltanas á thabhairt againn i dtaca leis na hathruithe a dhéanamh lena ligfear d'aistriú ó ghiniúint lena n-astaítear carbón.

Ní féidir leis an t-aistriú seo go fuinneamh inathnuaite tarlú mura ndéantar éabhlóid ar an gcóras leictreachais agus mura neartaítear é.

Tá sé de chumas ag na hathruithe atá á bpleanáil againn anois an t-am amach romhainn a chinntiú dúinn uile, chomh maith leis an nglúin atá le teacht. Is mian linn na hathruithe seo a bhaint amach le tacaíocht uathu siúd a mbíonn dár rialú agus dár maoiniú, agus le tuiscint agus tacaíocht an phobail.

Tá dúshlán ollmhór romhainn mar gheall ar an athrú aeráide. Táimid tiomanta do dhifear a dhéanamh ag leibhéal na cuideachta agus ag an leibhéal aonair.

Trína bheith ag gníomhú mar eiseamláir athraithe, is féidir le Grúpa EirGrid bealach a chruthú i dtreo chóras leictreachais a bheidh níos saoire ó charbón de réir a chéile. Ligtear leis seo do na hathruithe i dtaca le stíl maireachtála agus iompar a bhfuil gá leo i ngach teaghlach agus gnólacht sa tír, a éascú.

**Le chéile, is féidir linn difear a dhéanamh.**

An tUbhchruth, 160 Bóthar Shí l Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath, D04 FW28
Teileafón: 01 677 1700 • www.eirgrid.ie

Teach Castlereagh, 12 Bóthar Manse, Béal Feirste BT6 9RT
Uimhir theileafóin: 028 907 94336 • www.soni.ltd.uk

Foilsíodh leagan 1 i mí Mheán Fómhair
Clóbhuailte ar pháipéar athchúrsáilte
- Athchúrsáil le do thoil